Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.11235 – PORR BAU / IGO TECHNOLOGIES / SANITÄR-ELEMENTBAU)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 317/09)

1. An 28 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PORR Bau GmbH, ('PORR', an Ostair),

— IGO Technologies GmbH ('IGO', an Ostair), faoi rialú IGO Industries Group,

— Sanitär-Elementbau Gesellschaft m.b.H ('Sanitär-Elementbau', an Ostair), faoi rialú IGO.

Gheobhaidh PORR agus IGO rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sanitär-Elementbau.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— PORR: is cuid de PORR Group é, atá ina sholáthraí seirbhíse iomlán in earnáil na tógála agus a chuireann tionscadail tógála i gcrích san Eoraip agus ar an gcoigríoch.

— IGO: is cuid de IGO Industries Group é, atá ina chomhlachas cuideachtaí teicneolaíochta an-speisialaithe, gníomhach go hidirnáisiúnta i dtrealamh tógála teicniúil agus i dtógáil gléasraí tionsclaíocha.

— Sanitär-Elementbau: gníomhach i monaraíocht agus i ndíol córas suiteála sláintíochta réamhdhéanta (ballaí sláintíochta agus seomraí folctha réamhdhéanta) san Ostair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11235 – PORR BAU / IGO TECHNOLOGIES / SANITÄR-ELEMENTBAU

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË